**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999**

# CUNTASAÍOCHT — GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ MÁIRT, 15th MEITHEAMH — TRATHNÓNA, 2.00 p.m. – 5.00 p.m.

Tá an páipéar seo roinnte i 3 roinn:

**Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1—4). Tá 120 marc ag dul don chéad cheist agus tá 60 marc an ceann ag dul don trí cheist atá fágtha.
Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 AMHÁIN** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ CHEANN** ar bith den trí cheist atá fágtha sa roinn seo.

**Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5–7). Tá 100 marc an ceann ag dul go gach aon cheist acu. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ CEANN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

**Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc an ceann ag dul do gach ceist den dá cheist. Ba chóir d'iarrthóirí **CHEAN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

**Áireamháin**

Is ceadmhach áireamháin a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ar an bpáipéar seo: tá sé an-tábhachtach, áfach, go dtaispeántar oibríochtaí sa leabhar freagraí/sna leabhair freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt mar gheall ar obair cheart.

## ROINN 1

Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

1. **Cuntais Chríochnaitheacha Rannóige i gComhlacht Teoranta**

Tá dhá rannóg i ngnólacht Mhic Thomáis Tta – Grósaeireacht agus Crua-earraí. Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as a chuid leabhar ar 31/12/1998

| | £ | £ |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | |
| Údaraithe – 650,000 Gnáthscair @ £1 an ceann | | |
| Eisithe – 500,000 Gnáthscair @ £1 an ceann | | 500,000 |
| Foirgnimh ar a gcostas | 500,000 | |
| Veaineanna Seachadta ar a gcostas | 180,000 | |
| Trealamh Oifige ar a chostas | 15,000 | |
| Dímheas Carntha – Foirgnimh | | 50,000 |
| Dímheas Carntha – Veaineanna Seachadta | | 30,000 |
| Dímheas Carntha – Trealamh Oifige | | 6,000 |
| Fiachóirí agus creidmheasóirí | 41,000 | 36,000 |
| Bintiúir 10% (eisithe ar 1/4/1998) | | 80,000 |
| **Rannóg Grósaeireachta** | | |
| Stoic 1/1/1998 | 22,000 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 225,000 | 330,000 |
| Carraeireacht isteach | 2,000 | |
| **Rannóg Crua-earraí** | | |
| Stoic 1/1/1998 | 20,000 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 160,000 | 220,000 |
| Aischur amach | | 1,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais ar 1/1/1998 | 13,000 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta | 39,000 | |
| Táillí Stiúrthóirí | 33,000 | |
| Fógraíocht | 4,800 | |
| Árachas | 7,200 | |
| CBL | | 2,000 |
| ASPC | | 1,200 |
| Banc | | 5,800 |
| | 1,262,000 | 1,262,000 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

1. Stoic ar 31/12/1998:
   Grósaeireacht – £25,000
   Crua-earraí – £23,000
2. Bhain an t-árachas leis an mbliain dar críoch 31/3/1999.
3. Déantar soláthar don dímheas mar seo a leanas:
   Veaineanna seachadta – 20% dá gcostas.
   Trealamh oifige – 10% de luach na leabhar.
   Foirgnimh – 2% dá gcostas.
4. Déantar soláthar d'Ús Bintiúr dlite.
5. Roinntear achar urlár an ghnólachta mar seo a leanas:
   Grósaeireacht: 75%
   Crua-earraí: 25%
6. Déantar speansais a bhaineann leis an dá rannóg a dháileadh ar bhonn Díolachán nó ar bhonn Achar Urláir de réir mar a oireann.

**Iarrtar ort a ullmhú:**

*(a)* Cuntas Trádála Rannóg agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998. (80)

*(b)* Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/1998. (40)

**(120 marc)**

**2. Ráiteas Imréitigh Bainc**

Leagtar amach anseo thíos Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc J. Uí Tháilliúir, do mhí na Bealtaine 1998.

**Cuntas Bainc**

| | | | £ | | | | | £ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bealtaine | 1 | Iarmhéid (t/aa) | 1,650 | Bealtaine | 3 | R. Cryan | 020101 | 550 |
| Bealtaine | 9 | Díolacháin Lóisteáilte | 1,250 | Bealtaine | 5 | Rátaí | 020102 | 640 |
| Bealtaine | 17 | Díolacháin Lóisteáilte | 920 | Bealtaine | 8 | J. Fahy | 020103 | 320 |
| Bealtaine | 30 | Díolacháin Lóisteáilte | 900 | Bealtaine | 12 | J. Coyle | 020104 | 220 |
| | | | | Bealtaine | 13 | H. Grimes | 020105 | 720 |
| | | | | Bealtaine | 14 | Árachas | 020106 | 450 |
| | | | | Bealtaine | 18 | J. Gunter | 020107 | 180 |
| | | | | Bealtaine | 31 | Iarmhéid (t/aa) | | 1,640 |
| | | | £4,720 | | | | | £4,720 |

**Ráiteas Bainc ar 31/5/1998**

| | | | Debit £ | Credit £ | Balance £ |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealtaine | 1 | Iarmhéid (t/aa) | | | 1,650 |
| Bealtaine | 3 | Ús faighte | | 130 | 1,780 |
| Bealtaine | 5 | 020101 – R. Cryan | 550 | | 1,230 |
| Bealtaine | 7 | 020102 – Rátaí | 640 | | 590 |
| Bealtaine | 10 | Lóisteáil | | 1,250 | 1,840 |
| Bealtaine | 13 | 020103 – J. Fahy | 320 | | 1,520 |
| Bealtaine | 16 | J. Brady (Aischurtha – Obtha) | 120 | | 1,400 |
| Bealtaine | 18 | Lóisteáil | | 920 | 2,320 |
| Bealtaine | 19 | 020105 – H. Grimes | 720 | | 1,600 |
| Bealtaine | 22 | 020106 – Árachas | 450 | | 1,150 |
| Bealtaine | 23 | Táillí Bainc | 45 | | 1,105 |
| Bealtaine | 25 | Ordú Seasta | 300 | | 805 |
| Bealtaine | 28 | T. Staunton | 140 | | 665 |

**Nóta:** Maidir leis an £140 ar an Ráiteas Bainc do 28 Bealtaine, breacadh é do dhochar chuntas J. Uí Tháilliúir in ionad chuntas J. Náiliúr.

**Iarrtar ort:**

*(a)* Cuntas Coigeartaithe Bainc J. Uí Tháilliúir a thaispeáint i bhfoirm mórleabhair agus an iarmhéid a thabhairt anuas. (30)

*(b)* Ráiteas a ullmhú ar 31/5/1998 ag réiteach an iarmhéid sa Chuntas Coigeartaithe Bainc leis an iarmhéid sa Ráiteas Bainc. (30)

**(60 marc)**

**3. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair Uí Threasaigh Tta:

| | |
|---|---|
| 1/1/1997 | Ba é £200,000 luach na bhfoirgneamh ar a gcostas. |
| 1/1/1997 | Ba é £25,000 an iarmhéid sa Chuntas Soláthar in aghaidh Drochfhiach. |
| 1/4/1997 | Ceannaíodh foirgnimh ar £120,000. |
| 1/4/1997 | Díoladh ar £150,000 foirgneamh a chosain £80,000. Ba é £72,000 luach an fhoirgnimh seo de réir na leabhar ar 1/4/1997. |
| 31/12/1997 | Ba é £4,800 an dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/1997. |
| 1/1/1998 | Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh ar £350,000. |
| 31/12/1998 | Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar ráta 2% de luach na bhfoirgneamh ar 1/1/1998. |

**Iarrtar ort a thaispeáint:**

*(a)* Cuntas na bhFoirgneamh don dá bhliain 1997 agus 1998. (15)

*(b)* An Cuntas Soláthar in aghaidh Drochfhiach don dá bhliain 1997 agus 1998. (20)

*(c)* An Cuntas um Dhiúscairt Foirgneamh don bhliain dra chríoch 31/12/1997. (15)

*(d)* An Cuntas Chúlchiste Athluachála. (10)

**(60 marc)**

**4. Taifid Neamhiomlána**

Níor choimeád S. Ó Tiarnaigh sraith iomlán leabhar i rith na bliana dar chríoch 31/12/1998. Seo a leanas achoimre ar an gcuntas airgid don tréimhse sin.

| | £ | £ |
|---|---|---|
| **Fáltais Airgid** | | |
| Iarmhéid – 1/1/1998 | 1,400 | |
| Fiachóirí | 21,400 | |
| Coimisiún | 1,300 | |
| Díolacháin | 92,700 | |
| Cíos | 3,600 | 120,400 |
| **Íocaíochtaí Airgid** | | |
| Líníochtaí | 12,600 | |
| Ceannacháin | 47,300 | |
| Tuarastail agus Speansais Ghinearálta | 19,300 | |
| Troscán | 4,500 | |
| Creidmheasóirí | 32,700 | 116,400 |

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin:

| | **1/1/1998** | **31/12/1998** |
|---|---|---|
| Foirgnimh ar a gcostas | 80,000 | 80,000 |
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 28,000 | 28,000 |
| Speansais dlite | 450 | 660 |
| Coimisiún infhaighte dlite | | 500 |
| Stoc | 8,400 | 8,900 |
| Fiachóirí | 5,300 | 5,700 |
| Creidmheasóirí | 6,100 | 6,800 |

Déantar soláthar do dhímheas ar chostas mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% |
| Veaineanna seachadta | 25% |
| Troscán | 20% |

Ba iad Ceannacháin Creidmheasa agus Díolacháin Creidmheasa i 1998 ná £33,400 agus £21,800 faoi seach.

**Iarrtar ort a ullamhú:**

(*a*) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998. (30)

(*b*) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/1998. (30)

**(60 marc)**

## ROINN 2

Freagair **DHÁ** ceist

## 5. Míniú ar Chuntais

Seo a leanas na cuntais chríochnaitheacha ag ó Tuathail Tta do na blianta dar críoch 31/12/1997 agus 31/12/1998:

**Cuntais Trádála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch**

| | | **31/12/1998** | | **31/12/1997** |
|---|---|---|---|---|
| | **£** | **£** | **£** | **£** |
| Díolacháin | | 325,000 | | 240,000 |
| Luíde: Costas na nDíolachán | | | | |
| Stoic Thosaigh | 70,000 | | ? | |
| Ceannacháin | ? | | 150,000 | |
| Luíde Stoic Deiridh | 75,000 | (205,000) | 70,000 | (140,000) |
| Glanbhrabús | | 120,000 | | 100,000 |
| Speansais | | (55,000) | | (48,000) |
| Brabús Glan | | 65,000 | | 52,000 |
| Cánacha | | (20,000) | | (18,000) |
| | | 45,000 | | 34,000 |
| Díbhinní | | (25,000) | | (10,000) |
| Brabúis Choinnithe | | 20,000 | | 24,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1 | | 30,000 | | 6,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12 | | 50,000 | | 30,000 |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí:** | **31/12/1998** | **31/12/1997** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 235,000 | 210,000 |
| Sócmhainní Reatha | 135,000 | 130,000 |
| Creidmheasóirí: suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | (70,000) | (60,000) |
| | 300,000 | 280,000 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Caipiteal | 250,000 | 250,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | 50,000 | 30,000 |
| | 300,000 | 280,000 |

**Maidir leis an dá bhliain ar leith, iarrtar ort a ríomh:**

*(a)* 1. An toradh ar Chaipiteal in úsáid.

2. An tréimhse chreidmheasa a thugtar d'Fhiachóirí, má bhí £45,000 in aghaidh na bhFiachóirí i 1997 agus £50,000 i 1998.

3. Ceannacháin i 1998 agus an stoic thosaigh do 1997.

4. Cóimheas fíorthástála (80)

*(b)* Déan comparáid idir: 1. Brabúsacht an ghnólachta i 1998 seachas 1997.

2. Leachtacht an ghnólachta i 1998 seachas 1997. (20)

**(100 marc)**



[THALL→

## 6. Cuntais Ghnólacht Seirbhíse

Saothraíonn muintir de Róiste sa tionscal turasóireachta. Tá teach aíochta acu agus ligeann siad báid agus tithe saoire ar cíos le turasóirí i gcaitheamh an tséasúr turasóireachta. Áiríodh iad seo ar na sócmhainní agus na dliteanais acu ar 1/1/1998: Teach Aíochta £220,000; Teach saoire £60,000; Báid £6,000; Stoc breosla agus ola théite £500; Réamhthaiscí ó thurasóirí i leith theach saoire £1,000; agus éadaí leapa agus trealamh £1,500.

Seo thíos achoimre ar na fáltais agus na híocaíochtaí acu don bhliain dar dhríoch 31/12/1998:

| **Fáltais** | **£** | **Íocaíochtaí** | **£** |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc | 550 | Soláthairtí don teach aíochta | 6,900 |
| Fáltais ó chuairteoirí i rith na bliana | 18,800 | Solas, teas, agus breosla | 750 |
| Cíos ó theach saoire | 6,500 | Líníochtaí | 9,000 |
| Fáltais ó Bhád ar cíos | 2,900 | Pá | 2,600 |
| | | Níochán | 350 |
| | | Fógraíocht | 200 |
| | | Deisiúcháin agus cothabháil | 700 |
| | | Iarmhéid | 8,250 |
| | 28,750 | | 28,750 |

Ba chóir an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a thabhairt san áireamh ar 31/12/1998.

1. Déantar dímheas ar an báid ar 20% sa bhliain agus déantar dímheas ar éadaí leapa ar 25% sa bhliain.
2. Bhain an líon tí úsáid as an cúigú cuid de na soláthairtí a ceannaíodh.
3. Tá éarlaisí áirithinte ar £750 do 1999 san áireamh i bhfáltais na gcuairteoirí.
4. Stoc ola £450.
5. £150 dlite don siopa grósaeireachta áitiúil.

**Iarrtar ort a ullmhú:**

*(a)* Ráiteas a thaispeánfaidh na glansócmhainní (Accumulated Fund) iomlána ag gnólacht turasóireachta mhuintir de Róiste ar 1/1/1998. (30)

*(b)* Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/1998. (40)

*(c)* Clár Comhardaithe (Ráiteas na glansócmhainní iomlána) ar 31/12/1998. (30)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Thallúin Tta.

| **Achoimre Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998** | **£** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 142,000 |
| Ús íochta | (7,000) |
| | 135,000 |
| Cánacha | (35,000) |
| | 100,000 |
| Díbhinn molta | (30,000) |
| Brabúis choinnithe don bhliain | 70,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 1/1/1998 | 60,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/1998 | 130,000 |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar:** | **31/12/1998** | | **31/12/1997** | |
|---|---|---|---|---|
| | **£** | **£** | **£** | **£** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | 300,000 | | 300,000 | |
| Lúide: soláthar in aghaidh dímheasa | 66,000 | 234,000 | 60,000 | 240,000 |
| Trealamh | 75,000 | | | |
| Lúide: soláthar in aghaidh dímheasa | 15,000 | 60,000 | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 144,000 | | 115,000 | |
| Fiachóirí | 96,000 | | 74,000 | |
| Airgead tirim | 38,000 | | 46,000 | |
| | 278,000 | | 235,000 | |
| *Lúide* **Creidmheasóirí:** suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | | | | |
| Creidmheasóirí | 67,000 | | 76,000 | |
| Cánacha | 35,000 | | 24,000 | |
| Díbhinn molta | 30,000 | | 15,000 | |
| | (132,000) | | (115,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 146,000 | | 120,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 440,000 | | 360,000 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | | |
| **Creidmheasóirí:** suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | | | | |
| Bintiúir 10% | | 50,000 | | 90,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscairchaipiteal eisithe | | 260,000 | | 210,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 130,000 | | 60,000 |
| | | 440,000 | | 360,000 |

**Iarrtar ort:**

*(a)* An brabús oibriúcháin a réiteach leis an insreabhadh glan airgid ó imeachtaí oibriúcháin. (30)

*(b)* Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Uí Thallúin Tta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/1998 faoi na ceannteidil seo a leanas:

(1) Imeachtai Oibriúcháin
(2) Toradh ar infheistíocht
(3) Cánacha
(4) Imeachtaí infheistíochta
(5) Maoiniú

(70)
**(100 marc)**

## ROINN 3

Freagair aon ceist **AMHÁIN**

**8. Chostasú Ionsú**

Tá na costais bhuiséadaithe seo a leanas ag Seastán Tta, comhlacht beag grásaeireachta, don bhliain seo chugainn:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | £200,000 |
| Saothar díreach | £36,000 |
| Forchostais mhonarchan | £48,000 |
| Uair de Shaothab | 6,000 |
| Uair ag Meaisíní | 10,000 |

Seo a leanas na sonraí a bhaineann le hordú custaiméara, uimhir 200:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | £7,500 |
| Uaireanta de shaothar díreach | 180 |
| Uaireanta ag meaisíní | 260 |

**Iarrtar ort a ríomh:**

*(a)* An ráta ionsú forchostais in aghaidh na huaire ag meaisín

*(b)* An ráta ionsú forchostais in aghaidh na huaire de shaothar díreach

*(c)* Costas bheart oibre uimhir 200 de réir an ráta forchostais in aghaidh na huaire ag meaisín

*(d)* Costas bheart oibre uimhir 200 de réir an ráta forchostais in aghaidh na huaire de shaothar díreach

*(e)* Praghasanna díola bheart oibre uimhir 200 leis an gcustaiméir, de réir an ***dá*** ráta ionsú forchostais, agus ag glacadh le marcáil suas 25% ar an gcostas

**(80 marc)**

**9. Bhuiséadacht**

Déanann Uasghlór Tta dhá chineál raidió, ar a dtugtar Min agus Groí. Déantar buiséadú mar a leanas ar na díolacháin tuartha ag an dá raidió faoi seach don bhliain dar chríoch 31/12/1999:

| | **Mín** | **Groí** |
|---|---|---|
| Díolacháin bhuiséadaithe | 400 aonad | 300 aonad |
| Praghas díola tuartha in aghaidh an aonaid | £60 | £90 |
| **Stoic tuartha – *earraí críochnaithe*** | **Mín** | **Groí** |
| Stoic thosaigh | 50 | 30 |
| Stoic dheiridh | 40 | 35 |
| **Comhdhéanamh agus costais ábhair** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
| **Mín** | 2 kgs | 1 kg |
| **Groí** | 1 kg | 2 kgs |
| Praghas tuartha in aghaidh an kg. | £10 | £12 |
| **Stoic tuartha – *Amhábhair*** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
| Stoic thosaigh | 180 kgs | 220 kgs |
| Stoic dheiridh | 200 kgs | 240 kgs |
| **Saothar díreach in uaireanta an chloig** | | |
| **Mín** | 4 hours | |
| **Groí** | 5 hours | |
| **Ráta saothair dhírigh in aghaidh na huaire** | £6 | |

**Iarrtar ort na buiséid seo a leanas a leagan amach:**

*(a)* Buiséad na nDíolachán in aonaid agus in £

*(b)* Buiséad Táirgthe

*(c)* Buiséad úsáid Ábhair

*(d)* Buiséad Cheannach Ábhair

*(e)* Buiséad Saothair

**(80 marc)**